C/2024/2460

10.4.2024

**FÓGRA FOLÚNTAIS ECA/2024/6**

**Stiúrthóir – post amháin (feidhmghrúpa AD, grád 14)**

**Faisnéis, Timpeallacht Oibre agus Nuálaíocht**

(C/2024/2460)

**CÉ MUID FÉIN**

Bunaíodh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) in 1975 mar iniúchóir seachtrach an Aontais Eorpaigh. Is ceann de sheacht n-institiúid an Aontais Eorpaigh í an Chúirt, atá lonnaithe i Lucsamburg agus tá thart ar 1 000 duine, de gach náisiúntacht den Aontas, fostaithe ar an bhfoireann iniúchóireachta, tacaíochta agus riaracháin ([1]).

Feidhmíonn an Chúirt Iniúchóirí mar chomhlacht coláisteach ina bhfuil 27 gComhalta, le comhalta amháin ann as gach Ballstát den Aontas. Seiceálann ár n-iniúchóirí go bhfuil cuntais mhaithe á gcoinneáil ag an Aontas, go bhfuil na rialacha airgeadais á gcur i bhfeidhm i gceart aige agus go bhfuil beartais agus cláir an Aontais ag baint amach na gcuspóirí atá beartaithe leo agus go dtugann siad luach ar airgead i gcrích.

Trínár gcuid oibre, cabhraímid leis an mbainistíocht airgeadais a dhéantar san Aontas a fheabhsú, chomh maith leis an gcuntasacht agus an trédhearcacht a chur chun cinn. Tugaimid rabhadh i dtaobh rioscaí, soláthraímid dearbhú iniúchóireachta, sainaithnímid easnaimh agus scéalta rathúla agus tugaimid treoraíocht do lucht déanta beartais agus reachtóirí an Aontais. Cuirimid ár mbarúlacha agus moltaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus na rialtais agus parlaimintí náisiúnta, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne.

Mar chuid d'Ardrúnaíocht na Cúirte Iniúchóirí, tá ról lárnach ag an **Stiúrthóireacht um Fhaisnéis, Timpeallacht Oibre agus Nuálaíocht** (DIWI) i gceartfheidhmiú agus forbairt na hinstitiúide. Cuidíonn DIWI leis an gCúirt Iniúchóirí a cuid cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach trí ghníomhaíocht sna réimsí seo a leanas: teicneolaíochtaí faisnéise, nuálaíocht theicneolaíoch, spás oibre fisiciúil, leabharlann agus seirbhísí cartlainne.

Tá DIWI tiomanta don chlaochlú digiteach sa Chúirt Iniúchóirí agus do nuachóiriú an ionaid oibre fhisiciúil. Chuige sin, tá a ghníomhaíocht fothaithe ar fhís dhinimiciúil de thodhchaí na hoibre bunaithe ar dhaoine a chónascadh agus ar bhainistiú eolais a éascú.

Tá freagracht ar Stiúrthóir ([2]) DIWI as buiséad de thart ar EUR 15 mhilliún. Ag tuairisciú go díreach chuig an Ardrúnaí, faigheann an Stiúrthóir tacaíocht ó fhoireann bainistíochta de thriúr príomhbhainisteoirí a dhéanann formhaoirseacht ar an obair a bhíonn ar siúl ag isteach agus amach le 60 duine d'fhoireann na Cúirte agus thart ar 70 soláthraí seirbhíse seachtrach.

**A BHFUIL Á THAIRISCINT AGAINN**

Tá an fógra folúntais seo á eisiúint ar bhonn Airteagal 29(1) agus (2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ([3]).

Is ag grád AD14 a earcófar an t-iarrthóir rathúil. Is EUR 16 735 atá sa bhuntuarastal míosúil i láthair na huaire. De réir na Rialachán Foirne, d'fhéadfaí sochair áirithe a chur leis an mbuntuarastal, atá faoi réir cháin AE agus atá díolmhaithe ó cháin náisiúnta.

Beidh an méid seo a leanas i measc na bpríomhfhreagrachtaí a bheidh ar an iarrthóir rathúil:

— treo agus bainistiú straitéiseach foriomlán a chur ar fáil don Stiúrthóireacht i gcomhréir leis na rialacha inmheánacha, leis na cuspóirí straitéiseacha agus leis an gclár oibre bliantúil atá ag an gCúirt;

— pleananna forbartha a ullmhú don Ard-Stiúrthóireacht i réimsí atá ábhartha d'obair na Stiúrthóireachta;

— na cláir oibre bhliantúla a dhréachtú agus a chur chun feidhme, agus tuairisciú ar chur chun feidhme na gclár sin a ullmhú;

— cainéil dea-rialachais a chruthú chun comhar agus comhpháirtíochtaí a bhunú agus a chothabháil leis na ranna agus coistí eile go léir sa Chúirt Iniúchóirí;

— formhaoirseacht a dhéanamh ar thabhairt i gcrích seirbhísí TF ardcháilíochta chun leanúnachas gnó laistigh den institiúid a ráthú agus chun tacú leis an gclaochlú digiteach;

([1]) Le haghaidh tuilleadh eolais faoin gCúirt Iniúchóirí, féach www.eca.europa.eu.
([2]) I gcomhthéacs an fhógra seo, tuigtear gurb ionann tagairt do dhaoine d'inscne ar leith agus tagairt do dhaoine d'aon inscne eile.
([3]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:01962R0031-20240101.

— a áirithiú go bhfuil córais agus seirbhísí TF na Cúirte ag comhlíonadh na rialacha is infheidhme, agus a áirithiú gur fíor é sin freisin i gcás na mbeartas cartlainne;

— buiséad na Stiúrthóireachta a chionroinnt de réir a cuid gníomhaíochtaí, agus feidhmiú mar oifigeach údarúcháin trí fho-tharmligean don chaiteachas gaolmhar i gcomhréir leis na rialacha airgeadais, go háirithe i réimse an tsoláthair phoiblí;

— nuálaíocht a chur chun cinn, turgnamhaíocht a spreagadh, agus an úsáid a bhaintear as uirlisí digiteacha nuálacha le haghaidh cúraimí iniúchóireachta agus neamh-iniúchóireachta a stiúradh;

— faireachán a dhéanamh ar chórais rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta na Stiúrthóireachta;

— ionadú a dhéanamh thar ceann na Cúirte Iniúchóirí ar chomhlachtaí idirinstitiúideacha i réimsí atá ábhartha d'obair na Stiúrthóireachta.

**A BHFUIL Á LORG AGAINN**

Tá an post atá fógartha ar oscailt d'iarratasóirí a chomhlíonann na critéir seo a leanas faoin sprioc-am d'iarratais:

I. CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

1. **Riachtanais ghinearálta**

I gcomhréir le hAirteagal 28 de na Rialacháin Foirne, ní foláir do na hiarrthóirí, ar dháta a n-iarratais:

— a bheith ina náisiúnach de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh;

— a gcearta iomlána mar shaoránach a bheith á dteachtadh acu;

— aon oibleagáid a chuirtear orthu leis na dlíthe earcaíochta a bhaineann leis an tseirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu; agus

— na riachtanais charachtair a theastaíonn do na dualgais atá i gceist a shásamh.

2. **Cáilíochtaí**

I gcomhréir le hAirteagal 5 de na Rialacháin Foirne:

(i) leibhéal oideachais arb ionann é agus cúrsa ollscoile a bheith críochnaithe agus é sin á fhianú le dioplóma nuair is ceithre bliana nó níos mó atá sa ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile, nó

(ii) leibhéal oideachais arb ionann é agus cúrsa ollscoile a bheith críochnaithe agus é sin á fhianú le dioplóma mar aon le taithí ghairmiúil iomchuí d'aon bhliain amháin ar a laghad nuair is trí bliana ar a laghad atá sa ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile (ní féidir leis an mbliain de thaithí ghairmiúil sin a bheith mar chuid den taithí ghairmiúil iarchéime a éilítear anseo thíos).

3. **Eolas ar theangacha**

Ós rud é gurb iad an Béarla agus an Fhraincis teangacha oifigiúla oibre na Cúirte, tá eolas fuaimintiúil ar cheann de na teangacha sin ag teastáil (leibhéal C1 ar a laghad sa tuiscint, sa labhairt agus sa scríobh), chomh maith le heolas maith ar an teanga eile (leibhéal B2 ar a laghad sna catagóirí céanna).

Sa chás go bhfuil an Béarla nó an Fhraincis mar mháthairtheanga ag an iarrthóir, ní mór eolas fuaimintiúil a bheith ag an duine sin ar an teanga oibre eile (leibhéal C1 ar a laghad sa tuiscint, sa labhairt agus sa scríobh).

Is féidir leat do chuid scileanna teanga iasachta a mheasúnú ag: https://europa.eu/europass/en/common-european-framework-reference

I do CV, inis le do thoil cad iad na scileanna teanga atá agat bunaithe ar an múnla measúnaithe sin.

4. **Taithí ghairmiúil**

Ar a laghad 18 mbliana de thaithí ghairmiúil i réimse atá ábhartha don phost. De na 18 mbliana, caithfidh ar a laghad ceithre bliana díobh a bheith caite i bpost bainistíochta a chlúdaíonn bainistiú acmhainní daonna agus bainistiú acmhainní buiséadacha araon [4] (cineál poist: ceann aonaid nó a choibhéis, ar a laghad).

---

[4] Maidir leis an taithí bhainistíochta in Acmhainní Daonna, ní foláir go raibh na nithe seo a leanas i gceist léi: aonaid/ranna a bhainistiú; measúnú foirne; agus tacú le forbairt ghairmiúil na foirne. Ciallaíonn taithí i mbainistiú acmhainní buiséadacha go raibh duine ceaptha go foirmiúil chun buiséad a bhainistiú, lena n-áirítear pleanáil agus cur chun feidhme an bhuiséid chomh maith le tuairisciú ar úsáid an bhuiséid. Ba cheart do na hiarrthóirí fianaise a thabhairt go raibh siad ag bainistiú acmhainní daonna agus ag bainistiú acmhainní airgeadais ar feadh 4 bliana ar a laghad do gach aon cheann acu, is cuma más ar bhonn leithligh nó ag an am céanna a bhí sé sin ar siúl acu. Ina CVanna, ba cheart do na hiarrthóirí an méid seo a leanas a thabhairt le fios go soiléir i gcás gach bliana den taithí bhainistíochta: (1) teideal na bpost bainistíochta a bhí acu; (2) an líon foirne a bhí á mbainistiú acu nuair a bhí siad sna poist sin; (3) méid an bhuiséid a bhí á bhainistiú; (4) an líon ciseal bainistíochta agus foirne a bhí os a gcionn agus a bhí fúthu; agus (5) an líon bainisteoirí a bhí ar an leibhéal céanna leo.

5. **Teorainn aoise**

Ní fhéadfaidh an ghnáth-aois scoir a bheith slánaithe ag na hiarrthóirí. Is í an ghnáth-aois scoir d'oifigigh an Aontais Eorpaigh ná deireadh na míosa ina slánaíonn siad 66 bliana d'aois (féach Airteagal 52(a) de na Rialacháin Foirne).

II. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Beidh ar na hiarrthóirí an méid seo a leanas a léiriú:

1. Eolas fuaimintiúil i réimse na teicneolaíochta faisnéise, lena n-áirítear na dúshláin agus deiseanna atá ag teacht

2. Scileanna sa bhainistíocht straitéiseach – a bheith in ann straitéis a dhearadh agus a chur chun feidhme go rathúil agus a bheith in ann cuspóirí todhchaíocha na Stiúrthóireachta a mhúnlú

3. Cumas cruthaithe i bhformhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú tionscadal TF agus iad a thabhairt chun críche go rathúil, le tionchar agus torthaí cruthaithe ann don eagraíocht

4. Taithí i mbainistiú acmhainní daonna agus airgeadais, lena n-áirítear pleanáil agus leithdháileadh éifeachtúil agus éifeachtach acmhainní agus forbairt ghairmiúil na foirne

5. Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta – a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh go soiléir, ó bhéal agus i scríbhinn; labhairt go poiblí; daoine a thabhairt leo i bplé; agus idirbheartaíocht a dhéanamh

**NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN**

I. INCHÁILITHEACHT AGUS RÉAMH-ROGHNÚ

Beidh an coiste roghnúcháin ([5]) comhdhéanta de cheathrar de Chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí agus d'Ard-Rúnaí na Cúirte Iniúchóirí.

Ar an gcéad dul síos, cinnfidh an coiste an bhfuil na critéir incháilitheachta atá leagtha amach anseo thuas á gcomhlíonadh ag na hiarrthóirí.

Ansin, déanfaidh sé measúnú agus comparáid ar na cáilíochtaí, an taithí ghairmiúil agus an taithí bhainistíochta atá ag gach duine de na hiarrthóirí **incháilithe** bunaithe ar an bhfaisnéis a bheidh tugtha acu ina n-iarratais, agus beidh aird freisin aige ar na critéir roghnúcháin shonracha atá leagtha amach anseo thuas.

Tabharfar cuireadh chuig scrúdú scríofa don **ochtar** iarrthóirí is fearr.

II. IONAD MEASÚNAITHE AGUS AGALLAMH

An **ceathrar** ([6]) iarrthóirí a mbeidh na marcanna foriomlána is airde faighte acu sa mheasúnú comparáideach agus sa scrúdú scríofa (á dtógáil in éineacht), tabharfar cuireadh dóibh teacht i láthair go pearsanta (mar chéim éigeantach den phróiseas) chuig ionad measúnaithe sa Bhruiséil agus chuig agallamh leis an gcoiste roghnúcháin i Lucsamburg. Tabharfar an fhaisnéis riachtanach go léir faoi eagrú an ionaid measúnaithe agus an agallaimh sa chuireadh féin.

San ionad measúnaithe, agus de réir na gcritéar roghnúcháin atá leagtha amach anseo thuas, díreofar isteach ar na scileanna bainistíochta straitéisí, na scileanna cumarsáide agus na scileanna idirphearsanta atá ag na hiarrthóirí atá ar an ngearrliosta. Ag éirí as an ionad measúnuithe, cuirfear tuarascáil i dtoll a chéile a chuirfear ar fáil don choiste roghnúcháin sula mbeidh céim na n-agallamh ann.

San agallamh, díreofar isteach ar an inspreagadh atá ag gach aon iarrthóir, agus déanfar measúnú ar cé chomh maith is atá a bpróifíl ag teacht leis na critéir roghnúcháin.

Más gá, féadfaidh an coiste roghnúcháin a chinneadh agallaimh bhreise a eagrú leis an gceathrar iarrthóirí atá ar an ngearrliosta.

III. CEAPACHÁN

Nuair a bheidh a mheasúnú déanta ag an gcoiste roghnúcháin, cuirfidh sé tuarascáil réasúnaithe faoi bhráid choláiste na gComhaltaí ina sainaithneofar an t-iarrthóir/na hiarrthóirí a mheasann sé is fearr atá cáilithe don phost.

Ina gcáil chomhpháirteach mar Údarás Ceapacháin, glacfaidh na Comhaltaí cinneadh ansin i dtaobh ceapadh iarrthóra.

([5]) Cuirfear na hiarrthóirí ar an eolas luath go maith sa phróiseas faoi na daoine atá ar an gcoiste roghnúcháin.
([6]) Nó líon níos lú ná sin má bhíonn níos lú ná ceathrar ar an ngearrliosta.

**IARRATAIS**

**Seo é an sprioc-am le haghaidh iarratais: 8 Bealtaine 2024 ar 12:00 (meán lae) – Am Samhraidh Lár na hEorpa.**

Ní foláir an t-iarratas a dhréachtú i mBéarla nó i bhFraincis agus is é **an t-aon bhealach** lena chur isteach ná **tríd an bhfoirm ar líne** atá ar fáil ag bun an fhógra folúntais **(EN nó FR)** ar an leathanach 'Deiseanna fostaíochta' ar shuíomh gréasáin na Cúirte Iniúchóirí (faoi '*Open positions*'): https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/JobOpportunities.aspx

Caithfidh na doiciméid seo a leanas, **arna ndréachtú i mBéarla nó i bhFraincis**, a bheith san iarratas:

— litir mhínithe (4 leathanach ar a mhéad);

— CV atá cothrom le dáta (7 leathanach ar a mhéad), agus b'fhearr dá mbeadh sé leagtha amach i bhformáid Europass (féach https://europa.eu/europass/).

**Aon iarratas a fhaightear i ndiaidh an sprioc-ama, nó nach gcuirtear isteach trí bhíthin na foirme ar líne, diúltófar iad.**

Is ar bhonn na faisnéise a thugtar sna doiciméid sin, agus ar an mbonn sin amháin, a dhéanfaidh an coiste roghnúcháin na hiarratais a mheas. Féadfaidh an coiste a iarraidh ar iarrthóirí fianaise thacaíochta a sholáthar do na ráitis atá déanta ina n-iarratais acu. Mura gcuireann iarrthóirí an fhianaise sin ar fáil nuair a iarrtar é sin, diúltófar dá n-iarratas.

Chun a chinntiú go bhfuil d'iarratas déanta in am, molaimid go láidir duit gan cur isteach an iarratais a fhágáil go dtí cúpla uair an chloig roimh an sprioc-am. Tarlaíonn sé uaireanta go gcuirtear ró-ualach ar an gcóras de réir mar a bhíonn an sprioc-am ag teannadh.

**BEARTAS EARCAÍOCHTA**

I gcomhréir le beartas na Cúirte maidir le hÉagsúlacht agus Cuimsiú agus le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne, is mór ag an gCúirt an éagsúlacht agus cuireann sí comhionannas deiseanna chun cinn. Faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, glacaimid le hiarratais gan idirdhealú ar fhoras ar bith agus tá bearta déanta lena chinntiú go bhfuil cóimheá chothrom ann idir mná agus fir ó thaobh na hearcaíochta de. **Chuirfeadh an Chúirt fáilte ar leith roimh iarratais ó mhná ar an bpost seo.**

Má theastaíonn aon socrú speisialta uait (de bharr bac nó míchumas ar leith) chun gur féidir leat páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, seol ríomhphost luath go maith, le do thoil, chuig ECA-Selection@eca.europa.eu.

**COSAINT SONRAÍ**

Tá an Chúirt tiomanta dá chinntiú go ndéanfar sonraí pearsanta na n-iarratasóirí a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]).

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach an ráiteas príobháideachais ar leith atá againn don earcaíocht ag an seoladh seo a leanas: https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/Specific_Privacy_Statement_vacancies/Specific_Privacy_Statement_vacancies_EN.PDF

**IARRATAÍ AR ATHMHACHNAMH — GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC — GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH**

Má mheasann tú, tráth ar bith le linn an nós imeachta roghnúcháin, gur glacadh cinneadh i do leith atá mícheart, tá na roghanna seo a leanas ar fáil duit:

I. **A iarraidh ar an gcoiste roghnúcháin athmhachnamh a dhéanamh ar an gcinneadh.**

Féadfaidh tú iarraidh réasúnaithe i scríbhinn a chur isteach ina n-iarrtar athmhachnamh a dhéanamh ar chinneadh atá déanta ag an gcoiste roghnúcháin. Ní foláir an iarraidh sin a sheoladh, laistigh de 10 lá féilire ó fhógairt an chinnidh, chuig ECA-Recours@eca.europa.eu. I gcás inar lá saoire poiblí, Satharn nó Domhnach é an lá deireanach, críochnóidh an tréimhse nuair a bheidh an uair an chloig dheireanach den lá oibre ina dhiaidh sin caite.

([7]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseálann institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 295, 21.11.2018, lch 39).

II. **Gearáin**

Faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne, féadfaidh tú gearán i scríbhinn a chur isteach in aghaidh chinneadh na Cúirte diúltú do d'iarratas. Ní foláir é sin a dhéanamh laistigh de thrí mhí ó fhógra a fháil faoin gcinneadh sin, agus an gearán a chur chuig an seoladh seo:

An tArd-Rúnaí
Cúirt Iniúchóirí na hEorpa
12, rue Alcide De Gasperi
L-1615 Luxembourg
LUCSAMBURG

III. **Achomhairc bhreithiúnacha**

Faoi Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne, féadfaidh tú achomharc in aghaidh cinneadh diúltú do do ghearán, sa mhéid go ndéanann an cinneadh sin dochar duit, a chur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Is dlíodóir a chaithfidh caingean den sórt sin a thionscnamh, agus beidh sé sin le déanamh laistigh de thrí mhí ó fhógra a fháil faoin gcinneadh diúltú don ghearán.

IV. **Gearáin chuig an Ombudsman Eorpach**

Má chreideann tú go raibh drochriarachán i gceist leis an gcaoi ar dhéileáil Cúirt Iniúchóirí na hEorpa le d'iarratas, féadfaidh tú gearán a thaisceadh leis an Ombudsman Eorpach, ach teagmháil a bheith déanta ar dtús leis an gCúirt agat d'fhonn an díospóid a réiteach. Beidh ort do ghearán a chur isteach i scríbhinn, agus é sin a dhéanamh laistigh de dhá bhliain tar éis duit eolas a fháil ar na fíorais ábhartha. Tá foirm ghearáin ar líne le fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh. Fiú má dhéantar gearán leis an Ombudsman Eorpach, ní dhéanfar na sprioc-amanna don achomharc atá luaite thuas a chur ar fionraí.